# CINNEADH (AE) 2020/2140 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2020

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas i gcrích an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú") trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/952 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear coiste atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na bPáirtithe Conarthacha ("an Comhchoiste") chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 22(3) den Chomhaontú foráiltear go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlí ag an gcinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta ar an Aontas. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste ([3]) a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a chuirtear ar bun le hAirteagal 22 den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 208, 2.8.2013, lch. 3.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/952 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 212, 3.7.2020, lch. 10).
([3]) Féach doiciméad ST 13483/20 ar http://register.consilium.europa.eu

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. KLOECKNER